polaitíoċt

An nGlacfaiḋ Fine Gael Céim ar Aġaiḋ?

FEARFEASA

Tá an stailc nár ċeart a ḃeiṫ ariaṁ ann, socraiṫe. Tá na fir arais ag obair, agus na busanna ag riṫ ar na bóiṫre arís. Aċ, tá ceist fágṫa gan socrú. Ceist a ḃeiḋ ag déanaṁ imní agus meaḋreán do ḋaoine níos mó, agus níos mó san aimsir atá ag teaċt. Ḃfuil daonlaṫas ar biṫ ins na Ceard-Ċumainn. Nó ḃfuil toil an poḃail agus toil an tromlaí i ḃfeiḋm ċor ar biṫ, más rud é gur féidir le Céard-Ċumann naċ ḃfuil ann aċ mionlaċ do na hoiḃriṫe i dtionscail ar biṫ, taréis don tromlaċ ḃótáil i gcoinniḃ stailce, agus gur féidir le aon Ċéard Ċumann aṁáin dul ar stailc agus tré ṗicéidí a ċur ar tionscail go dtig leo, ní hé aṁáin a gcuid ball féin a ṫarraingt amaċ ar stailc, aċ gur féidir leo ball gaċ Céard-Ċumann eile, a ḃí i gcoinniḃ na stailce, a ṫarraingt amaċ ina gcuideaċta féin. Agus ní hé aṁáin sin, aċ an stailc do leaṫnú go dtí ranna eile naċ raiḃ fonn ar biṫ ar na baill dul ar stailc uaṫa féin ċor ar biṫ. Sin ceist a gcaiṫfiḋ luċt na gCeard-Ċumann aġaiḋ a ṫaḃairt air gan aṁras agus gan aon ċeilt, gan ṁoill.

Aċ, cibé fá sin, tá fear aṁáin, go speisialta, a ṫáḃaig cliú dó féin dá ḃárr, agus sé sin an Dr. Ó Conaill, Teaċta de ċuid an Luċt Oibre. Is dóċa, mar a ḃí an stailc, naċ ró ṁaiṫ a tiocfaḋ le T.D. de ċeaċtar den dá ṗáirtí móra, dul isteaċ in idir-ḃeartaíoċt ċor ar biṫ, aċ, do ġlac an Dr. Ó Conaill an áiméar, agus is cinnte gur móide an poiblíoċt a fuair sé, agus gur móide a ċliú dá ḃárr.

Ní ró ṁaiṫ a ṫáinig an Páirtí Oibreaċais ar fad amaċ as an scéal, mar ḃí sé pas amaideaċ an rún, nó an molaḋ a ċuir siad ós coṁair Dáil Éireann. Cibé ar biṫ, tá sin ṫart, agus gnáṫ obair Dáil Éireann ag dul ar aġaiḋ go ciúin arís.

Ní ar Ḋáil Éireann is mó a ḃí súil loċt polaitíoċt an tseaċtain seo caite, aċ ar an tSeanad. Ḃí an ċéad ċruinniú den tSeanad ann Dé Ceadaoine na seaċtaine seo caite, agus do réir mar measaḋ, toġaḋ Liam Ó Buaċalla, mar Caṫaoirleaċ. Toġaḋ é d'aon ġuṫ, agus ḃí gaċ aicme sásta leis. Ḃ'ḟéidir nárḃ ionann na cúiseanna a ḃí acu. Deirtear cibé ar biṫ, go raiḃ Fine Gael agus daoine eile san Freasúra lán t-sásta go mbeaḋ sé as an slí, mar is cainteoir maiṫ Gaeilge é, agus tá cainteoirí maiṫe Gaeilge gann ar ḃínsí an Rialtais sa tSeanad. Tugaḋ é seo fé ndeara ċeana, aċ tá sé le feiscint níos soiléire anois. Agus ní i ngan fios don Ḟreasúra é.

Insan tSeanad an tseaċtain seo caite, ḃí sé le feiscint go raiḃ Fine Gael ar aon ċuma, mar aicme de ċuid an Ḟreasúra. ag glacaḋ na céad céimeanna ag eidtreoraċa cúramaċa foisraċa, ċun féaċaint ar ḃ'ḟéidir, nó ar ḃ'ḟiú céim lasṫall de Ḟianna Fáil a ġlacaḋ i ngnóṫaí na Gaeilge.

Is fada fada é tuigṫe gur ísliġ Fianna Fáil polasaí na Gaeilge go dtí naċ raiḃ rud ar biṫ fágṫa a d'ḟéadfaḋ aon duine ionsaí a ḋéanaṁ air, nó a ḃféadfaḋ aon aicme creidiúint polaitíoċta a ḃaint as a ionsaí.

Céard a ḃí le déanaṁ ag Freasúra ar biṫ mar sin? Stad den ionsaí. Sin rud aṁáin. An rud a ṁeas Fianna Fáil a ṫarlóḋ. Aċ, ní h-aon tairḃe don Freasúra é sin, agus mar sin, lean na h-ionsaiṫe ag Fine Gael ar scór ar biṫ. go leaṫ dáiríriḃ le linn an toġċáin.

Aċ, an am ċéanna, ḃí daoine san Ṗáirtí ag smaoineaṁ. Taréis an toġċáin, ċonactas gur cailleaḋ ḃótaí, agus roinnt ṁaiṫ ḃótaí, leis na hionsaiṫe seo fá'n Ġaeilge. Ḃí aṫ-smaoineaṁ i gceannas an Ṗáirtí, agus cuireaḋ amaċ an leide go m'ḟéidir go smaoineófaí ar polasaí níos dearfá i leiṫ na Gaeilge. Agus ḃ'ḟéidir ionsaiṫe ar an Rialtas, ionsaiṫe trialaċa, de ṫairḃe naċ raiḃ siad ag déanaṁ go leor rudaí dearfaċa i leiṫ na teangan.

Ḃeaḋ sé ró ċinnte rud mar seo a ṫosnú nó a noċtú i nDáil Éireann, aċ aṁáin, ḃ'ḟéidir, ag cúlḃinséirí naċ ḃfuil smaċt orṫa. Ní ḟéadfaḋ luċt an ḃínse tosaiġ tráċt faoi an scéal gan iad féin a ċeangal le cineál éigin polasaí. Mar sin de, cinneaḋ ar rud a ḃí ciallṁar go leor, an scéal do ṫionscnaiṁ sa tSeanad. Agus fé mar a ḃí mé ag coṁairliú dóiḃ le roinnt míosaí anuas, do cuireaḋ síos rún ag iarraiḋ díospóireaċt ar an Ṗáipéar Ḃán.

Ḃeirt Seanadóirí den Ḟreasúra, Dónal Ó Conalláin, agus Pádraic Ó Coinnleáin, a ċur síos an rún seo, agus do réir mar tá ḃeartaiṫe, fágtar scaoilte go maiṫ ag Seanadóirí a dtuairimí féin do noċtú. Aċ, san am ċéanna, ḋéanfaiḋ Fine Gael mórán den plé as Gaeilge, agus ḃeiḋ Seanadóir nó ḋó den Luċt Oibre a ḃéas ag caint i nGaeilge ċoṁ maiṫ. Ceistneófar cad tá ḋá ḋéanaṁ go dearfaċ ag Fianna Fáil fá ċoinne na h-aṫḃeoċána.

Ḃeiḋ caint réasúnta fada le linn na díospóireaċta faoi cúrsaí na Gaeltaċta, coṁ maiṫ le cúrsaí irise agus clódóireaċt agus eile. Ḃrúfaiḋ an Freasúra ceisteanna faoi caḃair praicticiúil a ṫaḃairt don aṫḃeoċaint gan foréigin a ḋéanaṁ ar ḋuine ar biṫ.

Aċ frío agus frío, tá sé i gceist go ndéanfar an mórán den plé as Gaeilge agus go mbainfear an tús-iarraċt do Ḟianna Fáil insan slí seo, agus go mbuailfear an ċéad ḃuille le taispeáint go ḃfuil an Freasúra lán ċoṁ Gaelaċ, muna ḃfuil sé níos Gaelaí, ná Fianna Fáil féin.

Tá aiméar acu insan tSeanad, mar tá Fianna Fáil cuíosaċ lag de ṫairḃe daoine a ḋéanfas plé fiúntaċ tré Ġaeilge, ansin i láṫair na huaire. Tá Ó Buaċalla insan ċaṫaoir, agus ní ḃaineann sé le cúrsaí díospóireaċta. Lasmuiġ dó-san, tá Tomás Ó Maoláin, Rúnaí Ṗáirtí Ḟianna Fáil. Tá Séamas Ó Dóláin ann agus cainteoir réasúnta maiṫ é Yeats, aċ, ní ġlacann sé mórán páirt i ndíospóireaċtaí na Seanaide. Tá Gaeilge ag Ḃean Uí Eiċtiġeirn, agus Miċeál Ó Cinéide, aċ níl ainm ceaċtar acu in áirde le aṫḃeoċaint na Gaeilge. Taoḃ amuiġ de sin, níl aon cliú Gaelaċais nó Gaeilge mórán. ar ċuid Seanadóirí Fianna Fáil.

Tá sé i gceist ag an Freasúra, béim a leagann ar sin, agus é a ṫaḃairt le fios go measarta soiléir don ṗobal, agus ḃeiḋ siad ag fanaċt leis an díospóireaċt seo lena ḋéanaṁ.

Cé'n uair a ḃéas an díospóireaċt sin ann? Sin ceist eile. Agus uaiḋ sin tig liḃ a ṁeas cé acu tá faitios ar Ḟianna Fáil roiṁ an rún seo, agus plé an rúin, nó naċ ḃfuil.

Tá an Luċt Oibre ag molaḋ Taḋg Mac Aṁlaoiḃ mar Leas Ċaṫaoirleaċ. Tá ḟios acu go maiṫ naċ n-éireoiḋ leis. Is eol dóiḃ go ḃfuil níos mó nó coṫrom acu ċeana nuair is duine dá ḃPáirtí atá ina Ceann Ċoṁairle. Agus níl aoinne ag Fine Gael sna postanna seo i gceaċtar Tiġ. Cad ċuige mar sin an molaḋ seo? Ċun taisḃeáint go ḃfuil siad ann "agus ag teaċt ċun cinn." Le pictiúir nó "aġaiḋ poiblí" a ṫaisḃeáint de dream ar leo an toġċaí. An leo?

FEARFEASA.

An Bille um Ṫionscail na Gaeltaċta

(Leasú) 1965.

Deir Pádraig Uasal Ó Faċtna, Rúnaí Pairliminte Aire na Gaeltaċta, ag tagairt dó d'ḟoilsiú an Ḃille seo, go leaṫnóiḋ an Ḃille cuṁaċtaí, agus go ḃfeaḃsóiḋ sé cúrsaí airgeadais, Gaeltarra Éireann i dtreo go gcuirfear dlús le forḃairt na tionsclaíoċta sa Ġaeltaċt.

Taḃarfar cuṁaċt do Ġaeltarra Éireann — a ḃíoḋ ag gníoṁú ina aonar go dtí seo—páirt a ġlacaḋ i gcoṁlaċtaí, coṁlaċais agus coṁṗáirt-íoċtaí agus deontais a ṫaḃairt do ġnólaċtaí ina mbeiḋ scaireanna aige. Ċun caḃrú le daoine eile miontionscadail ṡoṁaoineaċa a ḃunú, taḃarfar cuṁaċt freisin do Ġaeltarra Éireann deontais suas go dtí £2,000 a ċur ar fáil. Ag féaċaint dá ṫáḃaċtaí atá na cuṁaċtaí nua, méadófar líon na gcoṁaltaí ar an mḂord ó ċúigear go dtí seaċtar.

Saorfar Gaeltarra Éireann ón dliteanas atá air ċun aisíoc a ḋéanaṁ i leiṫ luaċ na sócṁainní (£700,000) a aistríoḋ ċuige nuair a bunaíoḋ é i 1958 agus i leiṫ na n-airleacan (£355,000) a tugaḋ dó roiṁ 1 Aibreán, 1965 agus, maidir le hairleacain i ndiaiḋ an dáta sin, ní ḃeiḋ siad inaisíoċta go dtí go mbeiḋ brabus ar an ġníoṁaíoċtaí. Na hairleacain atá i gceist — a ṫugtar de ḃreis ar na deontais ḃliantúla as Ḃóta Roinn na Gaeltaċta —is ċun críoċa caipitiúla a ḋéantar iad as an bPríoṁ-Ċiste faoi réir uasteorann reaċtúla; ardófar an uasteorainn sin ó £500,000 go dtí £2,000,000.

Coṁar Feilméaraí

Ḃí lúċáir air na feilméaraí ḟeiceáil a' teaċt le ċéile, agus ag déanaṁ coṁair iarraċt lena ngnóṫaí féin a stiúraḋ, adúirt an tAṫair Mac Duiḃir, S.C., Gleann Ċolmcille, ag cruinniú de Coiste an Ṁargaiḋ, Baile Dún na nGall. Má ḃí na feilméaraí le maireaċtáil insan ġéar ċoiṁlint a ḃí rompu, ċaiṫfeaḋ siad na claiṫeaċa a leagann, ⁊ dul i gcoṁar lena ċéile, adúirt sé. agus a ṫuigḃeáil gurḃ ionann dul ċun cinn dona gcoṁarsain agus dóiḃ féin. Ċaiṫfí an teaġlaċ uiliġ a díol tré margaí Coṁar-ċumann.

Gníoṁairí Paráiste

D'ḟiafraiġ P. Ó Doṁnaill, don Aire Talṁaíoċta, i ḃfianaise an méid scéimeanna a ḃí le riarú, ag feiḋmeanna paráiste, ins na ceantair cúnga agus Gaeltaċta, an ḃféaċfaḋ sé le breis tuarastal a ṫaḃairt do na gníoṁairí seo.

D'ḟreagair C. Mac Eoċaiḋ, T.D., Aire Talṁaíoċta, go dtáinig sé seo faoi scéim idir-ḃeartaíoċta na Stát-Seirḃíse agus go ḃfuair na h-oifigeoirí i gceist ardú tuarastail faoin scéim.

Indiaiḋ an Ama

Bríd—Ar ṫaitin an dara cuid den dráma leat?"

Síle — Ní ḟaca mé an dara gníoṁ den dráma, ċor ar biṫ. Dúraḋ sa ċlár: "An dara gníoṁ dá ḃliain níos moille,' agus mar sin ní ṫiocfaḋ liomsa fanaċt leis."

Casaḋ Eile ar Fad

Ḃí Seán ag seinm ar an ḟidil do na ḋeartáir uair aṁáin. Ansin nuair a ċríoċnaiġ sé ċuir sé an ċeist: "Caidé mar ṫaitin sé leat a Ṗádraig?" "Ó, a ḋeartáir arsa Pádraig, "ba ċóir duit a ḃeiṫ ar an radio." "An síleann tú go ḃfuil mé maiṫ go leor do sin a Ṗádraig?" "Ní hea, aċ ansin ḃéinn ábálta tú ċuir io' ṫoist le casaḋ aṁáin!

Ḃí an t-easpag ag teaċt go dtí'n scoil lá agus tugaḋ raḃaḋ do na buaċaillí ḃeit cinnte. agus a rá leis i gcónaí, 'Mo Ṫiarna.' Ḃí Máirtín óg cúṫalta agus nuair a ċuir an t-easpag ceist air : "Cad is ainm duit?" séard adúirt sé go neirḃíseaċ ná: "Ó mo Ḋia, tá mé oċt mbliana!"

Cuir an bainisteoir ceist ar ḋuine de na fir oibre, agus fear neirḃíseaċ do ḃ'ea an duine boċt fosta, cé'n fáṫ go raiḃ sé ag iarraiḋ lá saoire iomlán ḟáil a leiṫéid seo d'am ġnaiṫeaċ. Ṁiniġ an t-oiḃrí go raiḃ sé ag comnóraḋ lúḃaile Airgid a ṗósta, cúig bliana fiċead ó ṡoin. "Go ḃfóiriḋ Dia orainn!" arsan bainisteoir de scairt, "agus an gcaiṫfimid cuir suas le na leiṫéid seo aċan cúig bliana fiċead?"

Toṁaiseanna

Caidé éiríonn fliuċ le triomú?. Fr.—Tuaille.

Cé'n fáṫ go mbíonn tonntraċa na farraige ċoṁ feargaċ sin?
Fr.—Mar go dtéitear treasna orṫa.

Ainmniġ rud a éiríonn mór de réir mar baintear as? Fr.—Poll sa talaṁ.

Cad iad na hainmiṫe a mbíonn na súile is giorra dá ċéile aca?
Fr.—Na h-ainmiṫe is lú.

An dtig leat seasaṁ ar do ċeann?"
Fr.—Ní ṫig mar go ḃfuil sé ró árd.

"Is tusa m'aṫair." arsan páiste, "aċ ní mise do ṁac. Conas sin? Fr.—Iníon do ḃ'ea an páiste.

Cé'n bannda naċ gcluintear ag seinm 'ċoíċe?
Fr.—Bannda ruiḃéir.

Tá'n seomra lán de. Tá teaċ lán de aċ ní ṫig liom riaṁ spunóg lán de d'ḟáil.

Cé'n fear a ḟulaíonn poill le ċéile?
Fr. — Fear a ḋéanann eangaiġ.

Fear-ceannais : A Ṡeáin, b'ḟearr liom naċ mbeiṫeá ag feadġail agus tú ag obair."

Seán: "Ní raiḃ mé ag obair. Ag feadġail a ḃí mé!"

Amadán Imiṫe

Ḃí buaċaill beag ón dtuaiṫ naċ ḃfaca siorcas ariaṁ roiṁe ag siúl ṫart fá'n ṗuball mór sa ṗáirc. Ansin go tobann amaċ le duine den ḃeirt amadán as fé'n puball le toit a ḃeiṫ aige amuiġ. D'éiriġ an buaċaill beag corraiṫe go mór ag féaċaint air, agus riṫ sé leis ṫart go dtí'n oifig na dticéad taoḃ ṫall agus ar seisean, i n-árd a ċinn as a ġota: "A ḋuine uasail! déan deifir! Tá amadán aṁáin scaoilte!"

Sa Ċúirt lá ḃí bean na seasaṁ sa ḃosca ag taḃairt fianaise, agus í á crais-ceistniú ag an aturnae eile. "A Ḃean Uí Conaill." arsan aturnae léi go géar gonta, "An cadrálaí tú?" "Sin mo ġnaiṫ-se", arsan ḃean go giorrais agus í ag stánaḋ go dána ar a leiṫéid de ḋuine droċṁúinte. Stad an aturnae bomaite agus ansin tug sé áḃḃar gáirí dá raiḃ sa Ċúirt, nuair a dúirt sé léi: "A ḃean ċóir, an ḃfuil gnaiṫe ar biṫ eile agat?!!

Meascan Mearaí

Ḃí ceist ar ṗáipéar scrúdaiṫe i dteagasc Críostaí uair aṁáin cur síos ar scannail. Ḃí an cailín beag i bpunnc. Sa deire scríoḃ sí síos: "Scannail, is ea é nuair naċ ndéanann duine ar biṫ rud ar biṫ, agus téann gaċ duine ṫart ag caint air!"

Ḃí beirt deagóirí ag cur as ag cúiteaṁ cadorra féin caidé ṫaḃarfaḋ siad dá n-aṫair don Nollaig. "Ní ṫig liom smaoiteaṁ ar rud ar biṫ naċ ḃfuil aige ċeanna," arsa gasúr aṁáin go duarṫa "Ní ṫig liomsa aċ an oiread," arsa duine eile go brónaċ ag craiṫeaḋ a ċinn. Ansin ṫáinig aoiḃ an ġáire ar a aġaiḋ: "Tá sé agam," ars' seisean go h-áṫasaċ, "ligimid dó an gluaisteán a ṫiomáint!"

Fear nua-ṗósta — Tá súil agam go dtig leat cócaireaċt a ḋéanaṁ?

Ḃean-ċéile — Ó, cinnte, ṫig liom múin mo ṁáṫair cócaireaċt dom inné!

Portaċ Gleann Ḃeaṫa

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ Dónall Ó hAirt, T.D., don Aire Tailte, cad ba ċúis leis an moill in roinnt an ṗortaċ úr ag Doiḃlinn, Gleann Ḃeaṫa, Co. Dún na nGall? D'ḟreagair an tUasal Ó Mórán, naċ ḃfuair an coimisiún seilḃ ar an bportaċ seo de 230 acra go dtí mí na Saṁna seo caite. Ḃí dóċas aige go ḃféadfaí na pleananna a ċeapaḋ agus an portaċ seo a roinnt níos moille an ḃliain seo.